AN ĊARRAIG

Tá Eibhlín Nic Giolla Easpaig, O.S., a bhí ina Príomh-Oide i scoil Málainn Beag, le ceithre bliana, indiaidh imeacht go Baile Átha Cliath, an áit a bhfuil sí a' teagasc anois le Siúracha na Carthannachta, insan Mheán-Scoil atá acu ag Hallaí an Rí, Baile Átha Cliath.

Ba as Málainn Mór, Iníon Nic Giolla Easpaig í féin, agus fhad agus bhí sí i Málainn Beag, bhí achan dhuine idir páistí agus tuismitheoirí go maith dí, agus fuair a lán dá cuid dáltaí scoláireachtaí.

Ghlac sí páirt gníomhach in achan rud a bhí ar mhaitheas na h-áite, agus ar feadh blianta, bhí sí na Rúnaí de Chomhairle Paráiste, agus den Chumann Slat-Iascaireachta Farraige.

Tá Séamus Ó Baoill, O.S., Príomh-Oide, Lochair a' Thoirc, ainmníthe mar Príomh-Oide Málainn Beag, ina diaidh. As Sráidbhaile na Carraige é.

Tá Pádraic Ó Gallchóbhair, mac do Seán Ó Gallchóbhair, agus a bhean, Na Cealla Beaga, a chríochnaigh a chúrsa traenála i gColáiste Naomh Pádraig, Dromconnrach, i mbliana, ainmníthe mar Príomh-Oide i Lochair a' Thoirc.

Ceapadh Máire E. Ní Chonfhaola, Ceann Locha, Liathroma, mar Mhúinteoir i Scoil Náisiúnta Málainn Beag.

Comhghháirdeachas le Máire E. Ní Dhúgáin, iníon do Seán Ó Dúgáin agus a bhean, Málainn Beag, a fuair an t-ochtú áit in Éirinn in scoláireachtaí na Gaeltachta, agus atá anois ar an Mheán-Scoil i gClochar Naomh Louis, Carraig Machaire Rois, Co. Mhuineacháin. Bhí sí ar scoil i Málainn Beag roimhe sin.

Agus dálta eile do Mhálainn Beag, ar eirígh léi, Máire Nic Giolla Ruaidh, iníon do Brian Mac Giolla Ruaidh, agus a bhean, Málainn Mór, a fuair scoláireacht Comhairle Co., agus atá i gClochar Naomh Louise, Carraig Machaire Rois, chomh maith.

Cómhgháirdeachas fosta, le Eibhlín Nic Fhionnlaoich, iníon do Proinnsias Mac Fhionnlaoich, agus a bhean, Gleann Colmcille, a bhí ar scoil an Chaiseal, an áit a bhfuil Proinnsias Ó Baoill, O.S., ina Phríomh-Oide, a fuair scoláireacht Gaeltachta, agus atá ar shiúl go Carraig Mhachaire Rois.

Fuair Peadar Ó Baoill, mac do Brian Ó Baoill, agus a bhean, Mín an Aodhaire, atá ar scoil i Mín an Aodhaire, an áit a bhfuil Proinnsias Mac Giolla Chearra, O.S., ina Phríomh-Oide, scoláireacht fosta, agus tá sé ar scoil anois, ag an Mheán-Scoil úr ar an Fhalcarrach.

Cúis bróin i nGleann Colmcille, an scéala gur éag Máire Bríd, Bean Uí Bheirn, ag na teach cónaí féin, Gaineamh, Gleann Colmcille. Bhí árdmheas uirthí féin agus ar a muintir.

Ba í bean Aindriú Ó Beirn, í, Ganger faoi Chomhairle Condae Dhún na nGall, agus deirfiúr ab ea í dó Chaithriona Nic an t-Saoir, O.S. Málainn Mór, agus Seán S. Mac Fhionnlaoich, Gárda Síochana, Droichead Átha. Ní raibh sí ach 61 bliain d'aois.

Chuaigh tórramh an mhór léi go Teach Pobail Naomh Columba, Caiseal, agus ó sin go dtí an reilig, an áit ar dhúirt an t-Athair Mac Duibhir, na paidreacha ag an uaigh, indéidh Aifreann na Marbh a léana i dTeach an Phobail.

Bhí cruinniú ag Fine Gael in halla na paráiste agus Pádraic Ó Domhnaill, T.D., i láthair. Dúirt an t-Uasal Ó Domhnaill, nach de thairbhe polaitíocht ba mhó a bhí sé ann, ach ag cuidiú leis an eagrú den chraobh í féin. Bhí sé tábhachtach adúirt sé, go mbeadh ainmneacha gach duine a bheadh 21 bliana d'aois i Mí Aibreán seo chugainn, ar an chlár-liosta.

Rud eile nach raibh eolas air chomh maith sin b'fhéidir, gó raibh ceart ag na h-imirceoirí a bhí ag obair i Sasainn, ach a raibh conaí seasta acu anseo, bhótáil a dhéanamh sa tír seo. Ba chóir go mbeadh eolas níos leithne ar seo.

Bhí Fine Gael a' brath iarracht mhór a dhéanamh ag toghchán an Chomhairle Co. le tromlach na suiochán a fháil ansin.

Bhí an Coiste Gnótha de Fhine Gael, ag féachaint go crua leis an eagras a chur ar bhúnus daingean insan chondae, agus bhí ós cionn 30 brainsí nua bunaithe ar na mallaibh.

Rinne sé tagairt don titim i luach an eallaí, agus do na rátaí íontach árd a bhí ann, agus dúirt go raibh cuid mhaith de na rátaí a dul ag íoc as na seirbhísí sláinte, agus gurb é polasaí Fhine Gael gur cheart na seirbhísí sláinte a íoc as páighe, agus ciste an Stáit.

baile na finne

Cuis broin insan cheantar seo bas Phadraic Mac Monagaill, Cuimin, Baile na Finne. Bhi se os cionn na gceithre scor, agus bhi se tinn le tamall maith anois. D'iompar se an tinneas go foighdeach ar son Chriost. Oibri crua a bhi ann i gconai agus bhi meas mor air fhein, agus ar a mhuintir frid an cheantar, agus nithear comhbhron lena bhaintreach, agus lena theallach agus a ghaolta. A mhac, Proinsias, sa bhaile, Cathal, ata na chonai i Sasain, agus inionach Una Bean Ui Dhomhnaill, Gleann Mac an Aidh, agus Nan, ata posta i New Zealand.

Chuaigh torramh ionadach leis go dti reilig Bhaile na Finne, an ait ar dhuirt an tAthair Mac Fhloinn, S.C., na paidreacha i dTeach an Phobail agus ag an uaigh.

I dTeach Pobal Naomh Columba, Baile na Finne, posadh Colm Mac Cionnaith, mac le Bean A. Mac Cionnaith agus Aodh Mac Cionnaith, nach maireann, Riverside, Liverpool agus Brid Ni Dhichartaigh, S.R.N., R.M.N., inion do Seosamh O Dochartaigh agus Bean Ui Dhochartaigh, Rinn Mor, Baile na Finne. An tAthair O Frighil, Eadan Anfa, a phos iad. A dearthar a thug an bhrideog le posadh, agus bhi si a' caitheamh guna lanfhad de brocade, agus veil ag cur leis. D'iompar si blafhleasg de carnations bui. Seosaimhin agus Peigi Ni Dhochartaigh, deirfiuracha na brideoige a sheas lei, agus Seosamh Mac Cionnaith, col-ceathrar an fhir, a sheas leis. Bhi an bhainnis i dTeach Osta Highland, Na Gleanntai, agus ta mi na meala dha chaitheamh in Guernsey.

gleannḃarr

Tá'n aimsir go dona ar fad agus gan mórán gné go bhfuil sí ag dul a bhisiú. Tá'n gráinne ag éirí duḃ ar ċuid den arḃar a baineaḋ go luaṫ agus muna dtig aimsir ṫirim gan ṁoill tá'n contúirt ann go gcaillfear cuid ṁaiṫ den ċoirce. Béiḋ an fóṁar níos moille i mbliana nó ḃí le blianta. Tá'n speal as úsáid beagnaċ ar fad sa ċeantar seo le seal blianta. Tá'n t-innealL bainte le feiceáil ar aċan ḟeirm.

Tá'n tSiúr Columbanus, 'níon Ṁíċeáil Uí Duḃṫaiġ, as Baile Ṁic Eoċaiḋ, Fanaid, sa ḃaile as an Róidéis Ṫeas ar ṁí de laeṫa saoire. Tá sé os cionn seaċt mbliain ó d'imiġ sí 'un na Róidéise. Tá'n cloċar a ḃfuil sí ann suite go h-an deas tuirim as seaċt míle ó Ċaṫair Salisbúiri. Tír ċnocaċ atá ann agus cé go bhfuil siad níos luġa na 20 céim ó'n Ṁeán Líne níl an deas ró ḋian. Bíonn tart fá deiċ mí de aimsir ṫirim acu agus ansin ḋá ṁí de aimsire an ḟliuċ nuair a ṫiteann tuilte fearṫainne.

Ḃí luaċ maiṫ ar na gliomaiġ i riṫ an tsaṁraiḋ aċ ḃí'n iascaireaċt ar Loċ Súilí go holc. Ní raiḃ an aimsir ar ḋóiġ ar biṫ foirstineaċ. Ó ḋeireaḋ ċéad ċogaḋ níl na scadáin ag teaċt isteaċ ionsair an loċ ar ċor ar biṫ. Ḃí an t-am ann nuair a ṫógtaí na míltí díoḃ.

ACAILL

Tá sé na scéala anseo anois go ḃfuil deontas an ṁór airgead tugṫa fá ċoinne leaṫnú agus aṫċóiriú an Atlantic Drive, bóṫar adeirtear atá ar an ċeann is álainn agus is fearr radarcanna ṫart timpeall cósta na hÉireann nó b'ḟéidir san Eoraip.

Tá an ċaint uiliġ in Acaill anois fá an ċraoḃ-ċluiċe do na peileadóirí sóisear, Dé Domnaiġ seo ċugainn. Tá gaċ ullṁú ḋá ḋéanaṁ agus na peileadóirí ag traenáil go dian, agus ba ċóir go mbeaḋ seans réasúnta acu Dé Doṁnaiġ.

Ċaiṫ an tSiúr Máire Magdalen trí lá saoire lena driṫeáir, Liam S. Mac Suiḃne, ag Gob a' Ċoire. Ba é seo an ċéad cuairt a ṫug sí na ḃaile in 33 bliana.

Comġáirdeaċas le Meán-Scoil Ċloċar na Trócaire, Gob a' Ċoire, ar éiriġ le 14 iarrataóirí insan meán-teistiméireaċt.

Pósaḋ Tomás Mac Ṗáidín, mac le Máirtín Mac Ṗáidín, ⁊ Bean Ṁic Ṗáidín, naċ maireann, Sáile, agus Neansaí Ní Ḋuiḃir, as Mainistir na Búille, Roscomáin, Dé Céadaoine na seaċtaine seo caite. I mBaile Áṫa Cliaṫ a ḃí an pósaḋ, agus ḃí an ḃainis in Teaċ Ósta de Baraiġ.

Duine eile de na peileadóirí atá taréis imeaċt ón ċeantar, is ea Antoine ÓGallċoḃair a ċuaiġ go Londain an tseaċtain seo caite. Ḃí sé ag imirt le Béal an Ṁuirṫid mar ógánaċ, mar mionúr, agus ar an foireann sóisear i mbliana.

Comġáirdeaċas le Míċeál Ó Muinġille, ar ċríoċnú a ṡeirḃíse mar Ceannfort ins na Gárdaí, i nGaillim ar na mallaiḃ. Ba as Poll a' Gráinne, Bárr na Trá é. Ḃí sé na ṁúinteoir náisiúnta sul ndéaċaiġ sé isteaċ sna Gárdaí i 1926. Cainteoir dúċais Gaeilge ab' ea é.

Tá an Gárda S. Cuffe sa ḃaile ar laeṫa saoire, lena ḃean agus a ṫeallaċ. Ḃíoḋ sé ag imirt peil agus ḃí sé ar an ḟoireann Béal an Ṁuirṫid, a ḃuaiġ craoḃ Ṁuiġeo i 1953-54. Tá sé faoi láṫair ar an foireann cléireaċais in Árd-Oifig na nGárdaí, Páirc an Ḟionnuisce.

Fosclaḋ scoil náisiúnta Eaċléim, Fód Duḃ, Dé Luain seo caite, taréis í ḃeiṫ dúnta le tamall maiṫ de ṫairḃe ganntanas uisce. Insan scoil úr a ċosain £20,000 tá áit do 200 daltaí.

I Séipéal Bárr Ṡáṁ, an tseaċtain seo caite, pósaḋ Emmet Deasúin, mac le R. Deasúin, ⁊ a ḃean, Dúrlas Éile, Tiobráid Árann, agus Caitlín Ní Ġeaċráin, inion do Liam Ó Geaċráin agus a ḃean, Glad Rí, Béal an Ṁuirṫid. An Canónaċ Cilgannon, S.P. Fód Duḃ, a ṗós iad, le Aifreann an Ṗósta agus Beannaċt an Ṗápa. Pádraic Ó Geaċráin, dearṫáir na brídeóige, agus Eiḃlín Bean Uí Ġeaċráin, deirfiúr na brídeóige, a ṡeas leo.

Cúis ṁór brón san ċeantar bás Seán Ó Raġallaiġ, mac is sine do A. ÓRaġallaiġ agus a ḃean, Móraċán, Béal an Ṁuirṫid, a d'éag go tobann ag na ċónaí féin i Londain, in aois a 57 bliana. Tugaḋ an corp na ḃaile agus glac an tAṫair Laiḃín leis ag Séipéal Seannaċaí, agus ċuaiġ an soċraid ċuig reilig Tearmoncara indiaiḋ Aifreann na Marḃ. Ḃí slua an mór i láṫair, agus ina measc ḃí an Canónaċ Cilgarḃ ⁊ an tAṫair Laiḃín.

Ag Cúirt Dúiċe Gob a' Ċoire, tugaḋ cead do Seán Ó Paitín, óstóir agus siopa páipéar, Doiríní Gob a' Ċoire, fosclaḋ idir 11.15 a.m. agus 12 a' ċlog mean-lae, ⁊ ó 12 meán-lae go dtí 12.30 ar ċuile Doṁnaċ agus Lá Ḟéil' Ṗádraiġ.

Ċuir an tAire Dlí agus Cirt dlí Béarla ar Liam Lohan, Aisléim, as set telefíse a ḃeiṫ aige gan ceadúnas agus Aonġus Mac an Ultaiġ, Óstán Sliaḃ Mór Dúort, as radio a ḃeiṫ aige gan ceadúnas. Seán Mac Éil, Aturnae a ḃí ag cúisiú ar son an Aire agus Seán Labelle, Aturnae, Acaill, ag cosaint. Ṫug Antoine Mac Ḟionnṫaiġ, Baile Áṫa Cliaṫ fianaise i mBéarla go ḃfuair sé na sets. Dúirt an Aturnae gur gléas ar cíos a ḃí ag Lohan, agus gur tugaḋ amaċ ceadúnas na ḋiaiḋ sin. Dearmad a ḃí ann i gcás Labelle, adúirt sé. D'iarr Mac Ḟionnṫaiġ £11-12-7 costaisí. Ċáin an Giúistís 5s. an duine iad, agus d'ordai sé díoḃṫa 30s. a íoc i leiṫ na gcostaisí.

Ag Ċúirt Dúiċe in Acaill, cionntaíoḋ Donnċaḋ S. Rannigan, Béal Feirste, as tiomáint ar meisce, agus tiomáint dáinséaraċ. Cáineaḋ é £8 agus cuireaḋ a ċeadúnas tiomána insan Ṗoblaċt ar ceal go ceann 6 ṁí.

cloiċeannaola

I dTeaċ Pobail Naoṁ Ḟinín, Falċarraċ, pósaḋ Seán Mac Ḟionnlaoiċ, as Dún Fionnaċaí ⁊ Helen Séis, Bóṫar an Stáisiúin, Falcarraċ. An tAṫair Caṫal Mac Grianna, S.C., Falċarraċ, a pós iad, le Aifreann an Ṗósta agus Beannaċt an Ṗápa. Ḃí an brídeóig ag caiṫeaṁ gúna lán - ḟad bán, le tiara agus ḃeil, agus bláṫḟleasc de rósa dearga ar iompar aici. Máire agus Bríd Séis, deirfiúraċa na brídeóige, a ṡeas léi, agus Niall Mac Ḟionnlaoiċ, dearṫár an ḟir, agus Brian Mac Ḟionnlaoiċ, a ṡeas leis an ḟear. Tá mí na meala ḋá ċaiṫeaṁ in Albain.

"An fóṁair is deireanaí le deiċ mbliana" — sin adeir na feirmeoirí ṫart fá seo anois. Tá dainséar ann don ċoirce agus do na barraí uiliġ, aċan duine ag coiṁéad le giota beag triomaí le dul ċuig na páirceanna le iarraċt a ḋéanaṁ le giota beag fóṁair a ṡáḃáil. Tá eagla ar ċuid acu go ḃfuil na préataí ag loḃaḋ fosta ,agus leis an droċ aimsir, agus fliúċras le cúpla seaċtain, tá aċan seans go ḃféadfaḋ sé seo tárlú. Agus na ṁullaċ seo uiliġ, tá titim ar ṗraġasanna eallaċ agus caoraċ, agus gan luaċ ceart ar biṫ ar an olann. Tá aċan ḋuine anseo ag coinneáil na h-olna ag súil le luaċ níos airde.

"An ḃliain is fearr go fóill": sin é adeir luċt fásta trátaí insan ṗaráiste seo. Tátar ag glacaḋ trátaí go fóill insan depot, agus tá na luaċa sásúil go leor. Rinne na tiṫe uiliġ go maiṫ, aċ siad na tiṫe le teas is fearr a rinne praifid. Tá an tUasal Scoiliġ, ón Roinn, ag taḃairt aċan coṁairle do na fásóirí agus Pádraic Ó Fearraiġ ag cuidiú leis, insan depot. Tátar a' ḋéanaṁ go mbeiḋ cuid ṁaiṫ leaṫnaiṫe de na tiṫe gloine insan ṗaráiste seo san ḃliain atá le teaċt, agus ċuile ṡeans go dtógfar cuid ṁaiṫ eile, leis na deontaisí atá le fáil anois.

Don dara h-uair ḃe le Séamas Ó Dúnṡléiḃe, Bealtaine, cúpla —ḋá gaṁain fireann.

Ag an Ċúirt Dúiċe ar an Ḟalcarraċ, cáineaḋ Seán Ó Gallċoḃair, Mín Láraċ, agus R. S. Gibson, Baile Nua, Falċarraċ, 10s. an duine as gan soilse ḃeiṫ acu ar na gluaisteáin.

Cáineaḋ Niall Mac Cuṁaill, Árd Beag, Gort a' Coirce 10s. ar cúis soluis fosta, agus an rud céanna do Seosaṁ Mac Diarmada, Dún Mór, Falċarraċ.

CORCA DUIBHNE

Ag an Ċúirt Dúiċe sa Daingean cáineaḋ Séamas Ó Caṫáin as Baile an Ḟéirtéiriġ, £4 nuair a pléadáil sé ciontaċ de tiomáint gan cúram ag Baile an Ṁuilinn, Daingean, ar an 27ú Lúnasa.

Dúirt an Ceannfort Ó Dúill go raiḃ an cosantóir ag tiomáint ó Ḃaile an Ḟéirtéiriġ isteaċ go Daingean agus nuair a ṫáiniġ sé ċuig crosaire ceiṫrebóṫair ag Baile an Ṁuilinn, ní raiḃ sé cinnte cé acu d'iompóḋ sé ar ḋeis nó a raċaḋ sé suas ċuig an Ospidéal. Ċonaic sé cailín ar roṫar agus ċeap sé go stopaḋ sí. Ṫiomáin sé treasna an ċrosaire agus de réir ċosúlaċt, ḃuail sé an roṫaí. Ḃí sé ag dul go mall.

má' cuilinn

Ba ḃrónaċ tubaisteaċ mar ṫárla do ḟear óg, Pádraic Ó Liodáin, Cluain Lif, Má' Cuilinn, a maraíoḋ ag Sraiṫ, Béal Loċ Riaċ, ar an 23ú lá d'Aibreán. An tseaċtain seo caite, ag Cúirt speisialta i Loċ Riaċ, cúisíoḋ tiománaí an ċáirr ina raiḃ sé, Tomás Stratford, as Cill Tullaċ go raiḃ sé ag tiomáint ag luas, nó ar ṁóḋ a ḃí dáinséaraċ don ṗoḃal, agus gurḃ é a ba ċiontaí le ḃás an ḟir óig. Indiaiḋ fianaiġe a ġlacaḋ, ċuir an Giúistís an cás siar go dtí Cúirt Dúiċe i Loċ Riaċ ar an 13ú lá de Ḋeireaḋ Fóṁair.

Ḃuaiġ Uarán Mór ar Má' Cuilinn insan iománaíoċt sóisear, le scór 4-5 i gcoinniḃ 1-8 ag Droiċeaḋ Ċlár na Gaillime Dé Doṁnaiġ seo caite. Ḃí slua maiṫ i láṫair, agus ċonaic siad cluiċe fíor ṁaiṫ, agus coṫrom go maiṫ go dtí an deireaḋ. Ḃí an bua tuillte ag Uarán Mór, aċ ċuir Má' Ċuilinn suas coiṁlint géar.

cloċan liaṫ

...Sa bhaile ar saoire ag Bothar an Che, An Clochan Liath, lena tuismitheoiri, Seamus O Gallchobhair agus a bhean, ta Maire Jo Gallagher as Nua Eabhrach. An chead chuairt a bhaile o chuaigh si chuig na Stait dha bhliain o shin. Bhi si ann in am le bheith ag freastal ar a deirfiur, Nancy, nuair a posadh i le Niall G. O Domhnaill, O.S., Min na Croise.

Ar cuairt na bhaile go Falchoirib, an Clochan Liath, ta Padraic O Domhnaill as Bayonne, New Jersey, agus a inion, a rugadh i Meiricea, Maire, ar a chead turas go hEirinn, leis. Fhad agus bhi siad ag fanacht lena mathair sa bhaile, thainig Seamas O Domhnaill, dearthar do, na bhaile as Sasain, le tamall a chaitheamh leo. Ar na baill eile den teallach ata sa cheantar, ta Manus O Domhnaill, Iizzie Ni Dhomhnaill agus Roise Bean Ui Bhraonain, Min na Croise.

Ta an da theach a bhiothar a' togail ag Bothar an tSeipeil, an Clochan Liath, do na Gardai, criochnaithe anois. Sean O Dochartaigh an conrathoir, agus dha cheann de thithe deasa iad. Ta an Sairsint Thomas O Conghaile, as Gaillimh, agus an Garda Sean Feiritear ina gconai ins na tithe anois.

Ḃí cruinniú ag Cumann Fine Gael in Falcarraċ, i halla Naoṁ Ḟinéin, agus ar na daoine a ḃí i láṫair ḃí Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., agus Caṫal Mac Grianna, Co.C. Pléaḋ ceist deisiú de na bóiṫre, agus toisc ċoṁ h-olc ⁊ atá siad, cinneaḋ go gcaiṫfí aire ar leiṫ a ṫaḃairt go lua, do bóṫar Cill Ult, Baile na Carraige, agus Mín Doire, ċoṁ maiṫ leis an casán coise, ċuig an tSéipéal ar an Ḟalċarraċ. Ṁiniġ an tUasal Ó Doṁnaill na coinníollaċa fá na deontaisí tiṫe. Cinneaḋ go gcaiṫfí deifriú a ḋéanaṁ le ceapaḋ banaltra ceantar.